

TREOIR MAIDIR hEASTÁT A RIAR

SRAITH DHLÍ-CHUMANN NA hÉIREANN



Cad a tharlaíonn nuair a fhaigheann duine bás?

Ní féidir le haon rud muid a ullmhú do bhás duine muinteartha. Ní mór aird a thabhairt ar a lán de na tascanna laethúla agus seans go mbeidh ort cinntí tábhachtacha a dhéanamh faoi mhaoin, airgead agus giuirléidí an duine.

Má fhágann an duine a bhásaigh uacht

Má fhágann an duine a bhásaigh (an duine éagtha) uacht, ainmnítear duine amháin nó níos mó de ghnáth chun gníomhú mar sheiceadóir - is é sin, chun a n-eastát a riar. Má tá tú ainmnithe mar sheiceadóir uachta, b'fhéidir go mbeadh ort iarratas a dhéanamh ar dheonú probháide. Is féidir le d'aturnae cabhrú leat leis seo.

Mura bhfuil uacht ann

Má fhaigheann an duine bás gan uacht a fhágáil (rud ar a dtugtar bás díthiomnach) bíonn an próiseas níos casta. De ghnáth, déanfaidh gargaol (ar a dtugtar riarthóir) iarratas ar dheonú litreacha riaracháin. Is féidir le d'aturnae cabhrú leat leis seo.

Tugtar ionadaithe pearsanta freisin ar sheiceoirí agus riarthóirí

Freagrachtaí ionadaithe pearsanta

Tá an t-ionadaí pearsanta freagrach as eastát duine éagtha a riar. Áirítear leis seo:

- Maoin, airgead agus sealúchais (sócmhainní) an duine a aithint
- Fiacha an duine, amhail cáin, a aithint
- Smacht a fháil ar shócmhainní an duine
- Fiacha an duine a íoc
- sócmhainní atá fágtha a dháileadh ar na tairbhithe

Is ionadaí pearsanta mé – cá háit a dtosóidh mé?

Labhair le d'aturnae ar dtús. Cabhróidh d'aturnae leat aon cheist a chaithfear déileáil léi a aithint agus treoróidh sé/sí tríd an bpróiseas tú.

Tuilleadh eolais

Chun tuilleadh eolais a fháil, téigh chuig www.lawsociety.ie/willsandprobate



LAW SOCIETY
OF IRELAND
PRACTISING
SOLICITORS

Firm's stamp here